

Cluastuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tá **60 soicind** agat leis an gceist thíos a léamh sula ndéanfar an mhír a sheinm.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.
- Nuair a bheidh an mhír cloiste agat, ba cheart duit an cheist a fhreagairt.
- Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach uait.

Ceist 1

Cloisfidh tú sliocht as caint a thug an Dr Pól Morrison, saineolaí taistil agus turasóireachta.

10 / marc

Léigh an cheist thíos. Ansin, éist leis an bpíosa cainte. Cloisfidh tú an píosa uair amháin.

Cad é príomhthéama a chuid cainte? Cuir tic leis an ráiteas *is fearr a oireann*.

1. Molann sé bealaí chun an turasóireacht a mhéadú gan a oiread céanna dochair a dhéanamh don timpeallacht.
2. Molann sé líon na dturasóirí a theorannú sna háiteanna is mó atá faoi bhagairt.
3. Molann sé cosc iomlán a chur ar an turasóireacht sna háiteanna is mó atá faoi bhagairt.
4. Molann sé ionaid nua turasóireachta a bhunú chun an brú atá ar na hionaid atá anois ann a mhaolú.

Cluastuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tá **60 soicind** agat leis na ceisteanna thíos a léamh.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin.
- Ba cheart duit na ceisteanna a fhreagairt le linn duit a bheith ag éisteacht leis an mír.
- Ansin beidh **dhá nóiméad** agat le do chuid freagraí a sheiceáil.
- Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach uait.

Ceist 2

Anois, cloisfidh tú an píosa cainte leis an Dr Pól Morrison uair amháin eile. Éist leis an bpíosa agus freagair na ceisteanna thíos.

12 / marc

1. Cén gearán a dhéanann Pól faoi chuariteoirí ar Shliabh Kilimanjaro?

- A. Ní chuireann siad suim i gcultúr na háite.
- B. Fágann siad muintir na háite gan uisce glan.
- C. Ní chuireann siad fostaíocht ar fáil do mhuintir na háite.

2. Cén fáth a raibh ar Phól focail Oscar Wilde a athrú?

3. 'Tá Pól dóchasach go mbeidh ar chumas na n-eolaithe drochthionchar na turasóireachta a laghdú.' An bhfuil an ráiteas sin:

- A. Fíor
- B. Bréagach
- C. Ní deirtear

4. Cén chabhair a thabharfaidh an t-idirlíon maidir le caomhnú seanláithreán, dar le Pól?

5. Cén fáth a gcuirfeadh daoine fimíneacht i leith Phóil?

6. Tá Pól i gcoinne táillí arda a ghearradh ar thurasóirí. Cén **phríomhchúis** atá aige leis sin?

- A. Dhéanfadh sin leithcheal ar dhaoine ar bheagán airgid.
- B. Tá táillí ró-ard mar atá.
- C. Níl fianaise ann go mbeadh sé éifeachtach.

Cluastuiscint

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tar éis duit an mhír a chloisteáil uair amháin tabharfaidh an feitheoir an leathanach seo ar a bhfuil na ceisteanna duit.
- Tá **60 soicind** agat anois leis na ceisteanna a léamh.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin eile ansin.
- Ba cheart duit na ceisteanna a fhreagairt le linn duit a bheith ag éisteacht leis an mír.
- Ansin beidh **dhá nóiméad** breise agat le do chuid freagraí a sheiceáil.
- Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach uait.

Ceist 3 Cloisfidh sibh Lauren Bateson ag caint ar chúrsaí camógaíochta. Éist leis an bpíosa cainte agus freagair na ceisteanna thíos.

12 / marc

1. Cén dearcadh atá ag Lauren faoi shacar? Cuir tic leis an ráiteas is **fearr a oireann**.

- A. Níor cheart d'Éireannaigh a leithéid a imirt.
- B. Cuireann sé an spórt is fearr léi féin i mbaol.
- C. Ní cluiche spreagúil é.

2. 'Dar le Lauren, dearcadh seobhaineach na bhfear is cúis le drochstaid na camógaíochta.'
An bhfuil an ráiteas sin:

- A. Fíor
- B. Bréagach
- C. Ní deirtear

3. Le linn a cuid cainte, luann Lauren roinnt rudáí a dhéanann dóchasach í faoi thodhchaí na camógaíochta. Cuir tic le rud amháin **nach luann** sí.

- A. Líon na n-imreoirí.
- B. Na sluaite a bhíonn ag na cluichí.
- C. Feachtais chun daoine óga a mhealladh.

4. Cuireann Lauren 'cur i gcéill' i leith lucht na gcluichí Gaelacha. Cén chúis atá aici leis sin?

5. Cén locht **is mó** atá ag Lauren ar an fhocal 'camógaíocht'?

- A. Ní téarma traidisiúnta Gaeilge é.
- B. Léiríonn sé dímheas ar an gcluiche.
- C. Fear a chum é.

6. Cén fáth nach mbíonn comhimreoirí Lauren ag iarraidh an chamógaíocht agus an iomáint a thabhairt le chéile? Cuir tic leis an ráiteas **is fearr**.

- A. Níl siad ag iarraidh a dtraidisiúin spóirt féin a chailleadh.
- B. Síleann siad go mbeadh an iomáint ródhian ar fad le haghaidh na mban.
- C. Níl siad ag iarraidh tuilleadh athruithe a dhéanamh ar rialacha an chluiche.

Cluastuiscint

Scríobh d'uímhír scrúdaithe anseo, le do thoil:

Treoracha

- Tar éis duit an mhír a chloisteáil uair amháin tabharfaidh an feitheoir an leathanach seo ar a bhfuil na ceisteanna duit.
- Tá **60 soicind** agat anois leis na ceisteanna a léamh.
- Déanfar an mhír a sheinm uair amháin eile ansin.
- Ba cheart duit na ceisteanna a fhreagairt le linn duit a bheith ag éisteacht leis an mír.
- Ansin beidh **dhá nóiméad** breise agat le do chuid freagraí a sheiceáil.
- Ansin tógfaidh an feitheoir an leathanach uait.

Ceist 4

Léigh na ceisteanna thíos. Ansin, cloisfidh tú agallamh raidió idir Liam Dixon, iar-Teachta Dála, agus Síle Ní Bhroin ó Raidió na Life.

12 / marc

1. Cén fáth ar roghnaigh Liam an teideal áirithe sin don leabhar?

- A. Chun a dhíomá maidir lena shaol polaitiúil féin a léiriú
- B. Chun a léiriú go mbíonn polaiteoirí thuas seal thíos seal.
- C. Chun a léiriú nach mbíonn mórán cumhachta ag polaiteoirí níos mó.

2. 'Teachta Dála a bhí in athair Liam chomh maith.' An bhfuil an ráiteas sin:

- A. Fíor
- B. Bréagach
- C. Ní deirtear

3. Cé acu de na rudaí seo is tábhachtaí le Liam maidir le páirtí polaitíochta de?

- A. Fealsúnacht pholaitiúil an pháirtí.
- B. Stair an pháirtí.
- C. Tionchar an pháirtí.

4. 'Síleann Liam gur cheart Fine Gael agus Fianna Fáil a aontú.' An bhfuil an ráiteas sin:

- A. Fíor
- B. Bréagach
- C. Ní deirtear

5. Cén dearcadh atá ag Liam faoi na Teachtaí Dála Neamhspleácha? Cuir tic leis an ráiteas is **fearr a oireann**:

- A. Féadann siad dochar a dhéanamh don daonlathas.
- B. Ní bhíonn aon tionchar acu ar an rialtas in am ar bith.
- C. Toghfad tuilleadh acu sna blianta amach romhainn.

6. Le linn a chuid cainte, luann Liam roinnt rudaí nach dtaitníonn leis faoi shaol polaitiúil na hÉireann. Luaigh dhá cheann acu:

- A. _____
- B. _____